TREOIRLÍNTE

TREOIRLÍNE (AE) 2022/311 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 17 Feabhra 2022

lena leasaítear Treoirlíne BCE/2012/27 maidir le hUathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET2) (BCE/2022/4)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc agus an ceathrú fleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1 agus Airteagal 17, Airteagal 18 agus Airteagal 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Chomhairle Rialaithe tar éis uasteorainneacha áirithe ar íocaíocht i leith taiscí rialtais a chinneadh, mar a shonraítear i dTreoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/7) ([1]).

(2) Maidir le teorainneacha ar íocaíocht a dhéanamh i leith taiscí rialtais atá ina seilbh ag bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) mar ghníomhairí fioscacha de bhun Airteagal 21.2 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, ní mór iad a shonrú chun an beartas aonair airgeadaíochta a bhaint amach, go háirithe chun dreasachtaí a thabhairt chun taiscí rialtais a chur ar an margadh agus dá chionn sin bainistiú leachtachta an Eurochórais agus cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a éascú. Ina theannta sin, le tabhairt isteach uasteorann ar íocaíocht i leith taiscí rialtais atá bunaithe ar rátaí an mhargaidh airgid, soiléirítear na critéir agus éascaítear an faireachán a dhéanann BCE i dtaobh chomhlíonadh an toirmisc ar mhaoiniú airgeadais ag BCNanna i gcomhréir le hAirteagal 271(d) den Chonradh.

(3) I dTreoirlíne 2013/47/AE ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2012/27) ([2]), tá forálacha maidir le híocaíocht ar chuntais Modúl Íocaíochtaí, a bhfochuntais agus Cuntais Thiomnaithe Airgid de chuid TIPS. Féadfaidh rialtais, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoirlíne (AE) 2019/671 (BCE/2019/7), páirt a ghlacadh in TARGET2, mar a leagtar amach in Airteagal 4(2)(a) nó (b) d'Iarscríbhinn II agus in Airteagal 5(2)(a) nó (b) d'Iarscríbhinn IIb a ghabhann le Treoirlíne BCE/2012/27, agus féadfaidh siad iarmhéideanna a shealbhú ar na cuntais sin thar oíche. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh forálacha Threoirlíne BCE/2012/27 maidir le híocaíocht i leith cuntais den sórt sin cur isteach ar na prionsabail ghinearálta maidir le híocaíocht i leith taiscí rialtais mar a d'fhormheas an Chomhairle Rialaithe iad, arb amhlaidh, dá réir, tar éis scor an Mheáninnéacs Euro Thar Oíche [euro overnight index average, EONIA] ó Eanáir 2022 ar aghaidh, ba cheart gurb é an ráta gearrthéarmach euro [euro short-term rate, €STR] an uasteorainn íocaíochta is infheidhme maidir le cuntais agus fochuntais den sórt sin.

(4) Chun go n-áiritheofar cur i bhfeidhm comhsheasmhach éifeachtach na bprionsabal ginearálta maidir le híocaíocht i leith taiscí rialtais, is gá forálacha Threoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) a shoiléiriú agus a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Chun críoch theorannú na híocaíochta i leith taiscí rialtais, ba cheart feidhm a bheith ag Treoirlíne (AE) 2019/671 (BCE/2019/7).

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) a leasú dá réir,

([1]) Treoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Aibreán 2019 maidir le hoibríochtaí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas intíre ag na bainc cheannais náisiúnta (BCE/2019/7) (IO L 113, 29.4.2019, lch. 11).

([2]) Treoirlíne 2013/47/AE ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Nollaig 2012 maidir le hUathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET2) (BCE/2012/27) (IO L 30, 30.1.2013, lch. 1).

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IIb a ghabhann le Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo.

Airteagal 2

Teacht in éifeacht agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a dtabharfar fógra faoi do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

2. Glacfaidh bainc cheannais náisiúnta na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu na bearta is gá chun an Treoirlíne sin a chomhlíonadh agus chun iad a chur i bhfeidhm ón 2 Bealtaine 2022 ar aghaidh. Tabharfaidh siad fógra faoi na téacsanna agus faoi na meáin a bhaineann leis na bearta sin do BCE faoin 25 Márta 2022 ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo ar gach banc ceannais Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 17 Feabhra 2022.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IIb a ghabhann le Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, Teideal IV, Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Íocfar cuntais PM agus a bhfochuntais ag nialas faoin gcéad nó ag an ráta saoráide taisce, cibé acu is ísle, mura n-úsáidtear iad chun aon cheann díobh seo a leanas a shealbhú:

(a) cúlchistí íosta;

(b) cúlchistí farasbairr;

(c) taiscí rialtais mar atá sainmhínithe in Airteagal 2, pointe (5), de Threoirlíne (AE) 2019/671 (BCE/2019/7).

I gcás cúlchistí íosta, déanfar ríomh agus íoc íocaíochta i leith sealúchas a rialú le Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 ón gComhairle (*) agus le Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/1) (**).

I gcás cúlchistí farasbairr, déanfar ríomh agus íoc íocaíochta i leith sealúchas a rialú le Cinneadh (AE) 2019/1743 (BCE/2019/31) (***).

I gcás taiscí rialtais, déanfar íocaíocht i leith sealúchas a rialú leis na forálacha a bhaineann leis na taiscí rialtais sin mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoirlíne (AE) 2019/671 (BCE/2019/7) (****).

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le cúlchistí íosta a chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le ceanglais um chúlchistí íosta a chur i bhfeidhm (BCE/2021/1) (IO L 73, 3.3.2021, lch. 1).

(***) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le híocaíocht i leith sealúchais cúlchistí farasbairr agus i leith taiscí áirithe (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).

(****) Treoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Aibreán 2019 maidir le hoibríochtaí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas intíre ag na bainc cheannais náisiúnta (BCE/2019/7) (IO L 113, 29.4.2019, lch. 11).";

(2) in Iarscríbhinn IIb, Teideal IV, Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Íocfar DCAnna de chuid TIPS agus a bhfochuntais ag nialas faoin gcéad nó ag an ráta saoráide taisce, cibé acu is ísle, mura n-úsáidtear iad chun aon cheann díobh seo a leanas a shealbhú:

(a) cúlchistí íosta;

(b) cúlchistí farasbairr;

(c) taiscí rialtais mar atá sainmhínithe in Airteagal 2, pointe (5), de Threoirlíne (AE) 2019/671 (BCE/2019/7).

I gcás cúlchistí íosta, déanfar ríomh agus íoc íocaíochta i leith sealúchas a rialú le Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 ón gComhairle (*) agus le Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/1) (**).

I gcás cúlchistí farasbairr, déanfar ríomh agus íoc íocaíochta i leith sealúchas a rialú le Cinneadh (AE) 2019/1743 (BCE/2019/31) (***).

I gcás taiscí rialtais, déanfar íocaíocht i leith sealúchas a rialú leis na forálacha a bhaineann leis na taiscí rialtais sin mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoirlíne (AE) 2019/671 (BCE/2019/7) (****).

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le cúlchistí íosta a chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le ceanglais um chúlchistí íosta a chur i bhfeidhm (BCE/2021/1) (IO L 73, 3.3.2021, lch. 1).

(***) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le híocaíocht i leith sealúchais cúlchistí farasbairr agus i leith taiscí áirithe (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).

(****) Treoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Aibreán 2019 maidir le hoibríochtaí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas intíre ag na bainc cheannais náisiúnta (BCE/2019/7) (IO L 113, 29.4.2019, lch. 11).".